NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10564 — APOLLO / MISSGUIDED)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 29/08)

1. An 13 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Alteri Investments II SC ("Alteri") (Lucsamburg), faoi rialú Apollo Management L.P. (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Nakai Investments Limited, ("Nakai Investments") (Ógh-Oileáin na Breataine), faoi rialú an Uasail Rajib Passi,

— Missguided Limited ("Missguided") (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú an Uasail Rajib Passi.

Faigheann Alteri agus Nakai Investments rialú comhpháirteach ar Missguided Limited de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Alteri: Is fochuideachta de Apollo é Alteri. Déanann Apollo bainistíocht ar infheistíochtaí i gcuideachtaí ar fud an domhain atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear ola agus gás, miondíol, agus teicneolaíocht faisnéise. Rialaíonn sé freisin Walz Group agus CBR Group, atá gníomhach *inter alia* i ndearadh, mórdhíol agus miondíol éadaí na mban.

— i gcás Nakai Investments: Is cuideachta é Nakai Investments atá i seilbh go hindíreach agus go hiomlán ag an Uasal Rajib Passi. Rialaíonn an tUasal Rajib Passi By Design LLC freisin, ar grúpa mórdhíola éadaí faisin é atá gníomhach sna Stáit Aontaithe.

— i gcás Missguided: Is miondíoltóir ar líne (ríomhthráchtáil) é Missguided atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus atá gníomhach ar fud an domhain. Tá sé gníomhach i soláthar miondíola agus mórdhíola éadaí, coisbheart, agus táirgí "sláinte agus áilleachta". Faoi láthair is faoi rialú an Uasail Rajib Passi amháin atá Missguided, agus is leis an Uasal Passi 100 % de Missguided trí bhíthin R Holding Company Limited ("R Holding", Ógh-Oileáin na Breataine) agus Nakai Investments.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10564 — APOLLO / MISSGUIDED

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË